# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2020/1324 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Meán Fómhair 2020**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i leith aontachas na Ríochta Aontaithe leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Coinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 ("an Coinbhinsiún") a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 96/88/CE ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 1995. Tugadh an Coinbhinsiún i gcrích le haghaidh tréimhse 3 bliana.

(2) De bhun Airteagal 33 den Choinbhinsiún, is féidir leis an gComhairle Idirnáisiúnta Grán síneadh a chur leis an gCoinbhinsiún le haghaidh tréimhsí comhleanúnacha nach rachaidh thar 2 bhliain gach uair. Ó tugadh an Coinbhinsiún i gcrích, cuireadh síneadh leis go tráthrialta ar feadh tréimhsí breise 2 bhliain. Cuireadh síneadh leis an gCoinbhinsiún go deireanach le cinneadh ón gComhairle Idirnáisiúnta Grán an 10 Meitheamh 2019 ([2]) agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2021.

(3) De bhun Airteagal 27(2) den Choinbhinsiún, i dtaca leis an gCoinbhinsiún, is féidir le Rialtas na Stát uile cur isteach ar aontachas ar na coinníollacha sin, faoi mar is iomchuí leis an gComhairle Idirnáisiúnta Grán.

(4) An 9 Aibreán 2020, rinne an Ríocht Aontaithe iarratas foirmiúil ar aontachas leis an gCoinbhinsiún amhail ón 1 Eanáir 2021.

(5) Táirgeoir mór grán, eorna agus cruithneacht go háirithe, is ea an Ríocht Aontaithe. Má dhéantar iarratas na Ríochta Aontaithe ar aontachas leis an gCoinbhinsiún a fhormheas, agus má bhíonn sí rannpháirteach sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán dá thoradh sin, beidh an Ríocht Aontaithe ina ball is allmhairí i gcomhréir le hAirteagal 12 den Choinbhinsiún. Ós ball is onnmhairí é an tAontas, ní bheidh tionchar ag aontachas na Ríochta Aontaithe ar líon na vótaí a leithdháilfear ar an Aontas chun críocha vótála faoi Airteagal 12 den Choinbhinsiún. Amhail ón mbliain airgeadais 2021/2022, áfach, de bharr aontachas na Ríochta Aontaithe laghdófar ar líon na vótaí a leithdháilfear ar an Aontas faoi Airteagal 11 den Choinbhinsiún, airteagal a úsáidtear chun ranníocaíochtaí airgeadais na mball a chinneadh.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán a leagan síos agus aontachas na Ríochta Aontaithe leis an gCoinbhinsiún a fhormheas, ar choinníoll nach dtiocfaidh an t-aontachas i bhfeidhm ná nach gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go sealadach i leith na Ríochta Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([3]),

([1]) Cinneadh 96/88/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1995 lenar fhormheas an Comhphobal Eorpach an Coinbhinsiún Trádála Gráin agus an Coinbhinsiún um Chúnamh Bia, lenar bunaíodh an Comhaontú Idirnáisiúnta Grán 1995 (IO L 21, 27.1.1996, lch. 47).

([2]) Cinneadh (AE) 2019/813 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán i dtaobh síneadh a thabhairt don Choinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 (IO L 133, 21.5.2019, lch. 19).

([3]) IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Idirnáisiúnta Grán, aontachas na Ríochta Aontaithe leis an gCoinbhinsiún Trádála Gráin, 1995 a fhormheas, ar choinníoll nach dtiocfaidh an t-aontachas i bhfeidhm ná nach gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go sealadach i leith na Ríochta Aontaithe roimh dheireadh na hidirthréimhse dá dtagraítear in Airteagal 126 den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. KLOECKNER